

(Braithre Naomi Padraig: cont'd.)

tosaigh ar an bpobal maidir le cursai oideachais. 'Sé bhí os na tuismitheoirí na go bhfaigheadh a gclann liteardha agus claisiceach agus in aghaidh a dtola b' éigean dos na Braithre géilleadh don eileamh san. As san amach chloídear leis an muinteoireacht ins na bunscoileanna agus ins na mean-scoileanna.

Níor staon na Braithre ó obair nó saothar dá dhéacracht. Pé ceantair no tir a raibh iarradh orthu chuadar ann ma b'fheidir in aonchor é. Idteannta tithe agus scoileanna a bhunu in Éirinn, d'imiodar thar lear, chun na hAstráile, chun na hInde, chun na hÁraibe, fíú amháin, agus go California. San am i lathair, ta daichead caibidil den Ord scaipthe ar fud an domhain.

Bhf sé ina bhac oihu, afach, gur tigh neamhspleach a bhí i ngach ceann dár bhunaiodar. Ní raibh aon údarás lair acu chun a dheimhníu go mbainfi feidhm as na Braithre sa tsúl ab'eifeachtaí igcónai. Is mar sin a bhí an sceáil acu go dtí 1893 nuair a chuir an Sui Naofa sealá ar Ríail agus ar Bhunreacht Nua an Oird agus thug cead dóbh comhnoibhiseacht, arus oiliuna agus rialtas lair do chur ar bun.

Ní nach ionadh, is i dtulach Ó bhFéidhlim atá ait chónaithe Ard-Uachtarán an Oird. Fe lathair, is é an Bráthair Proinseas Mac Réamoinn atá ina Ard-Uachtaran ar an Ord. Is ar an mbaile cheanna ag Cnoc Naoimh Seosamh atá Coláiste Soisearach Bhraithre Phádraig. Sa bhliain 1925 a ceannaiodh an tigh brea so ó Muaintir Wolsey, tiarnaí talún galldá, ach cuireadh leis sa bhliain 1951.

Gach Bráthair den Ord a bhfuil na moide saoil tugtha aige caithinn sé crios leathan glasuaine. Bain-eann sé sceil suimiúil leis an gcrios so. Níor cuireadh leis an aibid é

go dtí an bhliain 1888, agus is mar seo a thárla.

I measc na nEireannach a throid i "Suáibh an Phápa" i láir an cheid seo ghabh tharainn bhí saichdiuir darbh ainm Séan Ó hUaláin. Bhí sé páirteach i gceath Perugia agus deineadh priosúnach de ags na hIodáilligh a bhí ag troid in aghaidh an Phápa. Tar éis an chogaidhrchuaigh sé isteach in Ord Naoimh Pádraig sa bhliain 1861.

Chuaigh sé go dtí an Iodáil arís sa bhliain 1888 ach ní mar shaighdiuir a chuaigh sé ann an turas san ach mar bhráthair craifeach. Thug sé cuairt ar an Roimh mar a raibh agallamh aige leis an bPápa León XIII. Le linn na cainte dóbh d'fhiafraigh an tAthair Naofa de an raibh aon achainí fé leith aige ba mhian leis iarraídh dó féin no d'Ord Naoimh Pádraig. D'fhreagair an Bráthair Lughaidh go humhal go mba mháith leis cead a bheith aige fein agus ag a chomhbhráithre san Ord crios glasuaine a chaitheamh as san amach in anoir do Naomh Pádraig a n-earlamh féin agus earlamh na hÉireann. Fuair sé a achainí.

Nuair a bhunaigh an Dochtúir Ó Dubhshláine an tOrd is ar éigean a bhí aon oideachas le fail ag na Caitlicigh bhochta hÉireann. Dhein na Braithre i gcuíd fein chun oideachas Criostáil a thabhairt dóbh sin agus do dhaoine ina lántir eile. Agus tá toradh fonta ar shaothar na mBráithre le cead blian go leith anuas.

An Críoch.